Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**9871/18**
**ADD 5**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0226 (NLE)**

**RECH 275**
**COMPET 425**
**ATO 33**
**CADREFIN 82**
**IA 191**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 308 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Tograí le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021 – 2025 lena ndéanfar comhlánú ar Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 308 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 308 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2018
SWD(2018) 308 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Tograí le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021 – 2025 lena ndéanfar comhlánú ar Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht**

{COM(2018) 435 final} - {COM(2018) 436 final} - {COM(2018) 437 final} -
{SEC(2018) 291 final} - {SWD(2018) 307 final} - {SWD(2018) 309 final}

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Gabhann an measúnú tionchair seo leis an togra ón gCoimisiún maidir le Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht 2021-2027, a bheidh mar chomharba ar an gclár reatha, Fís 2020 (i bhfeidhm ó 2014-2020), agus an togra le haghaidh Chlár um Thaighde agus Oiliúna 2021-2025 an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (clár Euratom).

**Cuidíonn taighde agus nuálaíocht leis an Eoraip**beart a dhéanamh de réir a briathair fad is a bhaineann le tosaíochtaí saoránach, mar a chuimsítear iad sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chomhrac, chun fás inbhuanaithe a bhaint amach agus poist ar cháilíocht ard a chruthú, agus chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda reatha agus le cinn nach bhfuiltear ag súil leo. Faoi láthair áfach, ní dhéanann an Eoraip infheistíocht leordhóthananch i dtaighde agus nuálaíocht i gcomparáid lena príomhchomhpháirtithe trádála, rud a chiallaíonn go bhfuil riosca ann go sárófar í ar bhealach do-aisiompaithe.

**Trí chláir réime i ndiaidh a chéile, thacaigh infheistíocht ar leibhéal AE le soláthar earraí poiblí a bhfuil breisluach Eorpach ard acu**. Tagann an breisluach seo ó dhíriú isteach na gclár ar bharrfheabhas trí iomaíocht agus trí chomhar ar fud AE. Tacaíonn cláir réime le hoiliúint agus soghluaisteacht d'eolaithe, cruthaíonn siad comhoibriú trasnáisiúnta, trasearnála agus ildisciplíneach, giarálann siad infheistíocht bhreise phoiblí agus phríobháideach, tógann siad an fhianaise eolaíoch a bhfuil gá léi do bheartais AE, agus bíonn éifeachtaí struchtúraithe acu ar chórais náisiúnta taighde agus nuálaíochta. Aithníonn institiúidí AE, na Ballstáit agus geallsealbhóirí ar fad go bhfuil tionchar suntasach fadtéarmach ag na cláir réime, go háirithe ag an gclár réime reatha.

**Tá Fís Eorpach bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht eatramhach a rinneadh ar Fhís 2020**, agus ar na moltaí a rinne an grúpa ardleibhéil neamhspleách um thionchar thaighde agus nuálaíocht AE a uasmhéadú. Éabhlóid, ní réabhlóid, a bheidh sa chlár nua, a dhíreoidh ar chúpla feabhas deartha chun oscailteacht agus tionchar a mhéadú tuilleadh.

**Eascraíonn cuspóirí ginearálta Físe Eorpaí ón gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**. Is iad na cúspóirí sin: boinn eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú agus a iomaíochas a chothú, lena n-áirítear dá thionscal; beart a dhéanamh de réir briathair maidir le tosaíochtaí straitéiseacha bheartas AE, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chun dul i ngleic le dúshláin áirithe taighde agus nuálaíochta a bhfuil ar AE aghaidh a thabhairt orthu, tá cuspóirí sonracha ag Fís Eorpach freisin. Tá feidhm ag gach cuspóir maidir leis an gclár ar fad, agus rannchuideoidh gach cuid aonair den chlár lena mbaint amach.

**Léirítear an éabhlóid ó Fhís 2020 sa struchtúr athchóirithe.** Leanfar den struchtúr ina bhfuil trí cholún, ach athdhearófar é ar mhaithe le tuilleadh comhleanúnachais, idir na colúin agus laistigh díobh araon, chun tacú le cuspóirí an chláir.

**Leanfaidh Colún 1 - Eolaíocht Oscailte** de dhíriú ar eolaíocht den scoth agus eolas ar chaighdeán ard chun bonn eolaíochta AE a neartú tríd an gComhairle Eorpach um Thaighde, trí ghníomhartha Marie-Skłodowska Curie agus trí infrastruchtúir thaighde. Mar cholún atá tiomnaithe ag taighdeoirí ón mbun aníos, leanfaidh sé de ról láidir a thabhairt don chomhphobal eolaíochta.

**Déanfaidh Colún 2 - Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch**aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtúla ar thosaíochtaí AE agus tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas tionsclaíoch trí *Dúshláin don tSochaí* agus *Ceannaireacht i dTeicneolaíochtaí Tionsclaíocha a Chumasú* faoi Fhís 2020 a chomhtháthú i gcúig chnuasach (Sláinte;

Athléimneacht agus Slándáil; An Teicneolaíocht Dhigiteach agus an Tionscal; Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht; agus Bia agus Acmhainní Nádúrtha). Tacóidh na cnuasaigh sin níos fearr le raon iomlán na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus méadóidh siad taighde comhoibríoch trasearnála, trasdisciplíneach agus trasna réimsí beartais agus nuálaíocht chomhoibríoch thrasearnála, thrasdisciplíneach agus trasna réimsí beartais – sa chaoi is go neartófar solúbthacht, fócas agus tionchar an chláir. De bharr go ndíríonn sé ar bheartas, cuirfear an colún chun feidhme ón mbarr anuas, trí phróiseas straitéiseach pleanála a áiritheoidh go mbeidh baint ag geallsealbhóirí agus ag an tsochaí leis, agus go mbeidh sé ag teacht le gníomhaíochtaí Ballstát. Tabharfaidh an colún infheictheacht iomchuí do ról bunriachtanach an tionscail i mbaint amach chuspóirí uile an chláir, go mór mór i ndul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear trí eochairtheicneolaíochtaí cumasaithe don todhchaí a fhorbairt.

**Cuirfidh Colún 3 - Nuálaíocht Oscailte**ionad ilfhreastail ar fáil do nuálaithe ardacmhainne i bhfoirm na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, agus méadóidh sé comhar le héiceachórais agus le gníomhaithe nuálaíochta. Den chuid is mó, cinnfear na gníomhaíochtaí sin ón mbun aníos, agus gníomhaíochtaí Físe 2020 á gcomhtháthú agus á n-atheagrú, amhail Nuálaíocht in FMBanna (go háirithe an ionstraim le haghaidh FMBanna), An Mhearchonair i dtreo na Nuálaíochta agus Teicneolaíochtaí don Todhchaí agus Teicneolaíochtaí Éiritheacha. Leanfar de thacú le nuálaíocht faoin gclár ar fad, ní sa cholún seo amháin atá dírithe ar nuálaíocht.

**Neartóidh Fís Eorpach an Limistéar Eorpach Taighde**trí: bharrfheabhas a roinnt (gníomhartha Físe 2020 a shíneadh arb iad na gníomhartha a chuidíonn le dul i ngleic le feidhmíocht íseal taighde agus nuálaíochta, is é sin le rá obair bhuine, nascadh, cathaoireachtaí an Limistéir Eorpaigh Thaighde agus an creat i gcomhair comhair in eolaíocht agus i dteicneolaíocht); athchóirithe agus beartas taighde agus nuálaíocht, lena gcumhdaítear an tSaoráid um Thacaíocht do Bheartas; gníomhaíochtaí fadbhreathnaithe; agus faireachán agus meastóireacht ar an gclár réime, chomh maith le scaipeadh agus saothrú torthaí.

**Beidh gnéithe nua agus feabhsuithe ag an gclár nua freisin**ar feabhsuithe iad ar nithe atá ann cheana. Agus Fís 2020 ar an mbóthar ceart chun barrfheabhas, tionchar agus oscailteacht a sheachadadh, a bhuí leis na hathruithe seo beidh tionchar i bhfad níos mó ag an gclár a thiocfaidh i gcomharbacht uirthi (tríd an gComhairle Nuálaíochta Eorpach agus an mbéim a chuirfear ar mhisin) agus beidh sé níos oscailte (trí chomhar idirnáisiúnta neartaithe, bheartas treisithe maidir le heolaíocht oscailte, agus cur chuige beartais nua maidir le partnéireachtaí Eorpacha).

**Cuideoidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach**le AE a chur chun tosaigh maidir le nuálaíocht cheannródaíoch lena gcruthófar margaí nua. Tacóidh sí le tionscadail nuálaíochta a bhfuil riosca ard acu agus lena gcruthófar margaí nua, ar tionscadail iad nach ngineann (go fóill) ioncaim, chun an bearna báis a líonadh idir taighde agus tráchtálaíocht agus chun cabhrú le comhlachtaí méadú. Tabharfar tacaíocht shaincheaptha do lucht na nuálaíochta trí dhá phríomhionstraim chistiúcháin. Soláthróidh an Treo-Aimsitheoir i leith Ardtaighde deontais ón tréimhse go luath sa chéim theicneolaíochta (cruthúnas coincheapa, bailíochtú teicneolaíochta) go dtí an tréimhse go luath sa chéim tráchtála (taisealbhadh luath, forbairt an cháis ghnó agus forbairt na straitéise). Tabharfaidh an Luasaire tacaíocht don nuálaíocht cheannródaíoch, lena gcruthófar margaí nua, a fhorbairt a thuilleadh agus tabharfar tacaíocht don nuálaíocht sin a imlonnú sa mhargadh a oiread sin gur féidir le hinfheisteoirí é a mhaoiniú faoi ghnáth-théarmaí tráchtála (ón taisealbhadh, tástáil úsáideoirí, táirgeadh réamhthráchtála agus níos faide ar aghaidh, lena n-áirítear é a mhéadú). Leis an Luasaire cuirfear béim ar leith ar an nuálaíocht a ghintear laistigh den Treo-Aimsitheoir, cé go maoineoidh sé freisin tionscadail ó chodanna eile den chlár, amhail an Chomhairle Eorpach

um Thaighde nó Pobail Eolais agus Nuálaíochta. Áirítear in impleachtaí ról na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí a bhfuiltear ag súil leo tuilleadh nuálaíochta a chruthóidh margaí nua sa todhchaí, méadú ar líon na gcomhlachtaí a bhfuil borradh fúthú san Eoraip, tuilleadh fáis i measc FMBanna, agus tuilleadh fiontraíochta agus tógála rioscaí.

**Le Fís Eorpach tabharfar isteach tacar teoranta misean taighde agus nuálaíochta a bheidh sár-infheicthe** faoi Cholún 2 (ach d'fhéadfadh sé freisin treoir a thabhairt do na colúin eile. Tabharfaidh misin tosaíocht d'infheistíocht agus leagfaidh siad treoracha chun cuspóirí atá ábhartha ó thaobh na sochaí de a bhaint amach, sa chaoi is go gcruthófar níos mó tionchair agus for-rochtana, go spreagfar úsáid chur chuige shistéamaigh (ag bogadh ó bheith ag amharc ar earnálacha cúnga go córais iomlána), agus go ndéanfar ionstraimí agus cláir oibre do thaighde agus nuálaíocht ar fud na hEorpa a ailíniú. Cuirfidh misin luas le dul chun cinn i dtreo réitigh shocraithe eolaíoch, theicneolaíoch nó shochaíoch, trí infheistíocht mhór a dhíriú ar sprioc shonrach; sin nó claochlóidh siad córas iomlán sóisialta nó tionsclaíoch laistigh de thráthchlár bunaithe. Roghnófar iad tar éis sheoladh an chláir, de réir dianchritéar roghnúcháin, agus dearófar iad le Ballstáit, geallsealbhóirí agus saoránaigh. Áirítear in impleachtaí an chur chuige nua seo maidir le misin a bhfuiltear ag súil leo tuilleadh comhair thrasearnála agus thrasdisciplínigh, tionchar níos láidre ar dhúshláin dhomhanda agus tosaíochtaí AE, agus bearna níos lú idir an eolaíocht agus an nuálaíocht, agus an tsochaí.

**Tá comhar idirnáisiúnta neartaithe**riachtanach chun rochtain a áirithiú ar thalann, eolas, áiseanna agus margaí ar fud an domhain, chun dul i ngleic go héifeachtach le dúshláin dhomhanda agus chun gealltanais dhomhanda a chur chun feidhme. Treiseoidh an clár réime comhar agus síneoidh sé incháilitheacht do chomhlachas go dtí gach tír ag a bhfuil sár-acmhainní eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta, chun comhar agus cistiú comhthionscadal a dhéanamh chomh rianúil agus is féidir leis. Leanfaidh an clár d'eintitis ó thíortha ar ioncam íseal/ar mheánioncam a chistiú. Ní chisteofar eintitis ó gheilleagair tionsclaithe agus éiritheacha ach amháin má tá inniúlachtaí nó áiseanna atá fíor-riachtanach acu. Áiritear sna himpleachtaí a bhfuiltear ag súil leo tuilleadh feabhais sa chlár, tuilleadh tionchair ag AE i gcórais dhomhanda thaighde agus nuálaíochta a mhúnlú, agus tionchar níos láidre.

**Iompóidh eolaíocht oscailte**i modh oibre an chláir nua, ag dul níos faide ná beartas rochtana oscailte Fhís 2020 chun rochtain oscailte láithreach d'fhoilseacháin agus do shonraí (le féidearthachtaí chun diúltú i gcás sonraí), agus pleananna chun sonraí taighde a bhainistiú a chur de cheangal. Spreagfaidh an clár leathadh sonraí atá inaimsithe, inrochtana, idirinoibritheach agus inathúsáidte agus tacóidh sé le héiceachóras cumarsáide léannta inbhuanaithe agus nuálaíoch. Cothóidh sé gníomhaíochtaí chun scileanna taighdeoirí in eolaíocht oscailte a fheabhsú agus na córais luaíochta a chuireann an feabhsú sin chun cinn. Beidh ról lárnach ag an tsláine agus ag eolaíocht saoránach, mar an gcéanna le glúin nua táscairí chun taighde a mheasúnú a fhorbairt.

**Sa chur chuige nua maidir le partnéireachtaí Eorpacha** díreofar níos mó ar thionchar. Sainaithneofar an gá partnéireachtaí Eorpacha a bhunú sa todhchaí nó partnéireachtaí arb ann dóibh cheana a athnuachan mar chuid den phróiseas cláreagraithe straitéiseach don chlár réime. Beidh gach partnéireacht Eorpach oscailte do gach cineál geallsealbhóra (m.sh. an tionscal, Ballstáit agus fondúireachtaí daonchairdiúla) agus beidh sí teoranta san am, le coinníollacha soiléire maidir le cistiú an chláir réime a chéimniú amach. Beidh na coinníollacha sin bunaithe ar phrionsabail a bhaineann le breisluach an Aontais, trédhearcacht, oscailteacht, tionchar, an éifeacht ghiarála, gealltanas airgeadais fadtéarmach na gcomhpháirtithe ar fad, solúbthacht, comhleanúnachas agus comhlántacht le tionscnaimh de chuid an Aontais, tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiritheoidh an tírdhreach a bheidh ann sa todhchaí i gcás partnéireachtaí go mbeidh

comhleanúnachas barrmhaith idir gníomhaíochtaí agus partnéireachtaí an chláir réime. Ní bheidh ach trí chineál partnéireachta: i) partnéireachtaí Eorpacha comhchláraithe, bunaithe ar mheabhráin tuisceana nó ar shocruithe conarthacha; ii) partnéireachtaí Eorpacha comhchistithe, bunaithe ar ghníomh comhchistithe aonair solúbtha; iii) partnéireachtaí Eorpacha institiúidithe (bunaithe ar Airteagal 185 nó 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh). Agus cur chuige bunaithe ar shaolré á úsáid, leagfaidh an clár réime amach na critéir chun na partnéireachtaí Eorpacha ar fad a roghnú agus a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chéimniú amach.

**Éascóidh na hathruithe ar struchtúr an chláir agus na feabhsuithe air baint amach chuspóirí an chláir**, á dhéanamh níos éifeachtaí agus dá chuidiú leis tuilleadh sochar eacnamaíoch agus luacha ar airgead a ghiniúint. Méadófar na héifeachtaí sin trí shineirgíochtaí agus comhlántachtaí neartaithe le cláir eile AE, mar shampla trí Shéala an Bharrfheabhais.

**Tá seachadadh éifeachtúil fíor-riachtanach chun na cuspóirí ar fad a bhaint amach**. Is ríthabhachtach é freisin chun tionchar níos láidre a imirt agus tuilleadh simplithe a bhaint amach. Ag cur leis an méid a bhain Fís 2020 amach, leantar den simpliú sa chlár nua freisin. Tá roinnt feabhsuithe déanta chun an seachadadh a shruthlíniú ar mhaithe le tionchar. Beidh sé d'aidhm ag an gclár tuilleadh simplithe a dhéanamh laistigh den chóras reatha aisíocaíochta ar fhíorchostais lena mhúnla cistiúcháin simplithe. Bainfear níos mó úsáide as cistiú tionscadal i leith chomhlíonadh gníomhaíochtaí (cnapshuim) agus as foirmeacha simplithe eile cistiúcháin a cheadaíonn an Rialachán Airgeadais nua. Forbrófar tras-spleáchas ar iniúchtaí ar chláir uile AE agus glacadh le gnáthchleachtais chuntasaíochta costála. Chun solúbthacht a mhéadú, tacóidh an clár le trasnú disciplíní agus earnálacha agus ceadóidh sé leithdháileadh cistí idir colúin agus laistigh díobh chun gníomhú go gasta i gcás dúshlán éiritheach nó saincheisteanna éiritheacha. Beartófar tuilleadh feabhsuithe ar an bpróiseas chun tograí a chur isteach agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu trí iarracht a dhéanamh go leanúnach an t-am a thógann sé deontas a thabhairt a laghdú agus tríd an aischur a thugtar d'iarratasóirí a fheabhsú. Beidh na critéir mheastóireachta, an próiseas meastóireachta agus an bhaint a bheidh ag saineolaithe neamhspleácha leis mar thacaíocht d'fheabhas agus do thionchar an chláir. Sruthlíneofar scéimeanna a thugann tacaíocht do nuálaíocht faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach, agus d'fhéadfaí an chomhlántacht idir deontais agus ionstraimí airgeadais a threisiú trí bhíthin airgeadais chumaiscthe.

**I ndeireadh na dála, braitheann tionchar an chláir ar scaipeadh agus ar shaothrú taighde agus nuálaíochta , sonraí agus torthaí**, agus is gá an tionchar sin a thaifeadadh agus cumarsáid a dhéanamh faoi ar bhealach éifeachtach. Méadóidh straitéis uaillmhianach agus chuimsitheach infhaighteacht a leithéidí de shonraí agus de thorthaí agus cuirfidh sí luas faoina nglacadh sa chaoi is go gcuirfear dlús le tionchar ginearálta an chláir. Saothrófar punanna de thorthaí aibí in éineacht le cláir eile AE chun a nglacadh náisiúnta agus réigiúnach a áirithiú, rud a uasmhéadóidh acmhainneacht nuálaíochta Eorpach. Comhlánóidh feachtais éifeachtacha chumarsáide agus fhor-rochtana é sin, ar feachtais iad a chothóidh muinín agus a spreagfaidh saoránaigh chun páirt a ghlacadh iontu.

**Rianófar dul chun cinn i dtreo bhaint amach chuspóirí an chláir ar feadh'conairí tionchair**' (maidir le tionchar eolaíoch, sochaíoch agus eacnamaíoch). Beidh na conairí tionchair am-íogaire, ag idirdhealú idir an gearrthéarma, an meántéarma agus an fadtéarma. Beidh faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil sna táscairí maidir le conair tionchair, a mbraithfidh a n-infhaighteacht ar staid chur chun feidhme an chláir. Rannchuideoidh codanna aonair den chlár leis na táscairí sin go dtí céimeanna éagsúla agus trí mheicníochtaí éagsúla. Baileofar na sonraí ar bunús iad do na heochairtháscairí maidir le conair tionchair ar

bhealach a bhainisteofar go lárnach agus ar bhealach comhchuibhithe a fhorchuireann íosualach tuarascála ar thairbhithe, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla d'iarratasóirí a úsáid agus sonraí a fhoinsiú go huathoibríoch ó bhunachair shonraí sheachtracha phoiblí agus phríobháideacha arb ann dóibh cheana. Bunófar bunlínte, spriocanna agus tagarmharcanna roimh sheoladh an chláir. Leanfar de shonraí bhainistíochta agus chur chun feidhme ón gclár a bhailiú gar d'fhíor-am. Déanfar anailís ar dhul chun cinn in eochairghnéithe de bhainistíocht agus de chur chun feidhme gach bliain. Áiritheoidh meastóireachtaí eatramhacha agus ex post go bhfuil modheolaíochtaí comhsheasmhach agus go bhfuil cumhdach cuimsitheach.